**Caingean arna tabhairt an 13 Aibreán 2023 – MegaFon v an Chomhairle**

**(Cás T-193/23)**

(2023/C 189/53)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* MegaFon OAO (Moscó, an Rúis) (ionadaí: J. Grand d'Esnon, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Rialachán (AE) 2023/427 [1] ón gComhairle an 25 Feabhra 2023 sa mhéid a bhaineann sé le Megafon a neamhniú;

— Cinneadh 2023/434/CBES [2] ón gComhairle an 25 Feabhra 2023 sa mhéid a bhaineann sé le Megafon a neamhniú;

— an méid seo a leanas a neamhniú dá bhrí sin;

  — Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 an 31 Iúil 2014 sa mhéid a bhaineann sé le Megafon;

  — Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES an 31 Iúil 2014 sa mhéid a bhaineann sé le Megafon;

— a ordú do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na costais a íoc de bhun Airteagal 140(b) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad shaincheist lena n-éilítear sárú ar chearta na cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Maíonn an t-iarratasóir nár chuir an Chomhairle réamhfhógra chuige i leith an chinnidh ina liostaítear Megafon in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus Cinneadh 2014/512/CBES ("bearta an 31 Iúil 2014") agus nár thug sí deis dó barúlacha a chur isteach, cé go raibh sé de cheangal uirthi, dar leis, é sin a dhéanamh de bhua na bprionsabal a bhaineann le cearta na cosanta a urramú.

2. An dara saincheist lena n-éilítear mainneachtain cúiseanna a lua i ndáil leis an gcinneadh Megafon a áireamh in Iarscríbhinn IV a ghabhann le bearta an 31 Iúil 2014. Maíonn an t-iarratasóir gur mhainnigh an Chomhairle na cúiseanna a thabhairt dó a bheadh mar údar maith lena áireamh in Iarscríbhinn IV a ghabhann le bearta an 31 Iúil 2014.

3. An tríú saincheist lena n-éilítear go bhfuil na smachtbhannaí a fhorchuirtear ar an iarratasóir neamhdhleathach sa mhéid a n-eascraíonn siad as earráid mheasúnaithe, ar an bhforas go bhfuil na cúiseanna leis na smachtbhannaí sin mícheart agus, in aon chaoi, nár suíodh iad.

4. An ceathrú saincheist n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta le bearta an 25 Feabhra 2023.

[1] Rialachán (AE) 2023/427 ón gComhairle an 25 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO 2023 L 59 I, lch. 6).

[2] Cinneadh (CBES) 2023/434 ón gComhairle an 25 Feabhra 2023 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO 2023 L 59 I, lch. 593).